primary developments
foráis sa bhunscolaíocht

## EOLAS DO THUISMITHEOIRÍ

### 3: Ag caint mar gheall ar thomhas


Cabhraíonn an teanga a úsáideann tú le do phaiste agus í/é ag foghlaim faoin mata. Roinnt de na gnáthfhocail a úsáidimid gach lá, tá ciall ar leith leo sa mhata. Ní mór do pháistí na focail a úsáid go cruinn nuair a bhíonn siad ag caint faoina bhfuil ar siúl acu sa mhata. Mar shampla, is minic a chloisfeá uathu, *tá seisean níos mó ná mise,* ach an méid nó aois atá i gceist acu? Is féidir le heolas ar theanga na matamaitice cabhrú le páistí a bheith níos cruinne faoin méid atá siad ag smaoineamh faoi agus ag iarraidh a rá.




Mar thuismitheoir is féidir leat cabhrú le do pháiste trí na téarmaí matamaitice cearta a úsáid tú féin. Féach ar an bhfíseán **Meáchain a Chur i gComparáid** go bhfeice tú an tslí mar a chabhraíonn an tuismitheoir lena páiste.

**Samplaí eile**
Féachaimis ar rudaí a d'fhéadfá a rá agus tú ag tomhas in éineacht leis an bpáiste.

Agus páistí ag tomhas fad ruda, treoraigh iad ionas go ndéarfaidh siad: *Ceann fada é seo; tá an ceann seo níos giorra; seo an ceann is giorra; tá an dá cheann seo ar comhfhad lena chéile.*



Agus sibh ag caint ar mheáchan, úsáid trom, níos troime, is troime agus éadrom, níos éadroime, is éadroime seachas bheith ag caint ar **mhéid** an ruda (mór nó beag). Féach ar an bhfíseán **Meáchain a Chur i gComparáid.**




Má tá uisce nó bainne á dhoirteadh amach agat, bí ag caint ar lán agus folamh; ní thógann an ghloine an oiread céanna leis an gcupán; tógann an crúsca níos mó ná an t-ubhchupán; cé acu de na gloiní a thógann an méid céanna?

Tuilleadh eolais agus gearrthóga físe ar fáil ag **www.ncca.ie/tuismitheoiri**.

**CNCM**, 24 Cearnóg Mhuirfean
**T** +353 1 661 7177
**F** +353 1 661 7180
**RP** info@ncca.ie
**LG** www.ncca.ie

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

primary developments
foráis sa bhunscolaíocht

EOLAS DO THUISMITHEOIRÍ



# Ag cabhrú le do pháiste leis an matamaitic agus í/é sna NAÍONÁIN SHÓISEARACHA

Féach ar do pháiste agus í/é ag baint úsáide agus ag baint taitnimh as an mata agus í/é ag súgradh, mar shampla nuair a leagann sí/sé bord do chóisir theidí, nuair a roghnaíonn sí/sé cruthanna chun rud éigin a thógáil, nuair a labhraíonn sí/sé faoin gcéim is airde, an bosca is troime, an rópa scipeála is faide.

Tá an mhatamaitic inár dtimpeall agus is cuid de shaol do pháiste é gach aon lá. Is féidir leat cabhrú léi/leis tuiscint a fháil ar an mata agus taitneamh a bhaint as trí rannta a rá léi/leis, *A hAon, a Dó, Muc is Bó,* ainmneacha a chur ar na dathanna agus ar na cruthanna a fheiceann sibh sa timpeallacht, agus rudaí a chomhaireamh, *Cé mhéad céim a shiúlamar suas?*




### Eolas faoin leidbhileog

Tá trí chuid sa leidbhileog seo.

1: Déantar cur síos i **do pháiste ag foghlaim ar scoil** ar chuid den mhata a fhoghlaimeoidh do pháiste sna naíonáin shóisearacha.

2: Gheofar i **do pháiste ag foghlaim sa bhaile** bealaí simplí chun cabhrú le do pháiste mata a fhoghlaim. Is féidir féachaint ar ghearrthóga físe ina dtugtar leideanna eile ag **www.ncca.ie/tuismitheoiri**.




3: Tabharfaidh **ag caint mar gheall ar thomhas** samplaí de na focail is ceart a úsáid agus tú ag cabhrú le do pháiste leis an mata.

Nuair a bheidh do pháiste réidh chun tabhairt faoi rudaí níos dúshlánacha, féach ar an leidbhileog agus ar na gearrthóga físe do na naíonáin shinsearacha.


## 1: Do pháiste ag foghlaim ar scoil

**Seo cuid de na rudaí a fhoghlaimeoidh do pháiste sa mhata sna naíonáin shóisearacha.**

- Rudaí atá cosúil **a mheaitseáil,** mar shampla bróga agus stocaí, peann luaidhe le haghaidh gach páiste.
- Rudaí **a shórtáil** mar shampla, *cuir na bloic ghorma ar fad le chéile. Cuir na húlla ar fad sa bhabhla.*
- **Abair na huimhreacha 1 go 10** san ord ceart, ag comhaireamh ar aghaidh agus ag comhaireamh siar.
- Na huimhreacha 1 go 5 a **aithint** agus iad scríofa.
- Na huimhreacha 1 go 5 **a scríobh.**
- An méid rudaí i ngrúpa suas go 5 rud **a aithint láithreach.**
- **Grúpa rudaí** suas go 5 rud **a dhéanamh agus a chomhaireamh.**
- **Dhá ghrúpa rudaí a chur le chéile** suas le 5 rud san iomlán.
- **An méid rudaí atá fágtha i ngrúpa a chomhaireamh** tar éis rudaí áirithe a bhaint as.

**Seo rudaí eile a fhoghlaimeoidh do pháiste:**

- **patrúin shimplí a aithint** agus a dhéanamh le cruthanna, coirníní agus go leor rudaí eile, mar shampla.



- **cruthanna a ainmniú agus a shórtáil,** cearnóg, ciorcal, triantán, dronuilleog, cuir i gcás.



- **rudaí a chur i gcomparáid** leis na focail seo: trom agus éadrom, fada agus gearr, is faide agus is giorra, lán agus folamh, beagnach lán agus beagnach folamh.
- **labhairt faoin am** leis na focail chun agus tar éis, luath agus mall, moch agus déanach, agus oíche agus lá.
- **boinn airgid** suas go 5 cent **a aithint agus a úsáid.** Boinn a aithint óna chéile agus tuiscint éigin a fháil ar luach na mbonn, mar shampla, gur féidir cúig bhonn 1 cent a mhalartú ar bhonn amháin 5 cent.



EOLAS DO THUISMITHEOIRÍ

## 2: Do pháiste ag foghlaim sa bhaile

**Rudaí a mheaitseáil agus a shórtáil**
Déanaigí stocaí nó lámhainní a shórtáil agus a mheaitseáil. Sórtáil bréagáin ina ngrúpaí de réir datha, nó crutha... Fiafraigh den pháiste: *Conas a ndéanfá féin iad a shórtáil?*

**Na huimhreacha 1 go 5 a aithint agus iad scríofa**
Pioc uimhir don lae agus bí ag faire amach dó agus sibh ag dul amach.

**Dhá ghrúpa rudaí a chur le chéile suas le 5 rud san iomlán**
Iarr ar do pháiste 2 úll a fháil duit, ansin 3 cinn eile. *Cé mhéad úll é sin? Cé mhéad bealaí atá ann le 4 cáca a roinnt idir tusa agus do dheartháir? Conas a roinnfinn iad go cothrom oraibh?*

**Patrúin shimplí a aithint agus a dhéanamh**
Imrígí cluichí ina mbíonn sibh ag bualadh bos. Dírigh aird an pháiste ar phatrúin ar éadaí, stríopaí nó spotaí, cuir i gcás. Féach ar phatrúin timpeall oraibh, i dtíleanna nó i gcuirtíní, mar shampla.

**Bígí ag caint faoin am**
Cuir amanna in ord, mar shampla, *Cad a dhéanann tú díreach roimh dhul a luí? Tar éis snámha? Cad é an chéad rud eile a tharlóidh sa scéal, an dóigh leat? Cén lá é inniu?*

**Abair na huimhreacha 1-10**
Imir cluiche roicéid trí chomhaireamh ó 1-10 ansin comhaireamh ó 10-1 agus '*tuirlingt gan taisme*' a rá. Bain triail as tosú ar huimhir eile, mar shampla tosú ar 9 agus comhaireamh siar go 1.

**Comhaireamh cúramach**
Treoraigh do pháiste chun rudaí a chomhaireamh go cúramach, ag cur méire ar gach rud de réir mar a chomhairtear é agus an uimhir á rá ag an am céanna.

An méid rudaí i ngrúpa suas go 5 rud **a aithint láithreach.** Cluichí dísle a imirt. An méid céanna poncanna a mheaitseáil, faoi mar a dhéantar i gcluiche Dominoes.

**Rudaí a chur i gcomparáid de réir meáchain**
Iarr ar do pháiste cabhrú leat leis an siopadóireacht. Iarr uirthi/air an rud is troime a fháil, an rud is éadroime, dhá rud atá mórán ar an meáchan céanna a fháil.

**Boinn airgid suas go 5 cent a aithint agus a úsáid**
Lig oraibh go bhfuil siopa agaibh. Cuir praghas ar rudaí suas go 5 cent. Tabhair boinn airgid i sparán don pháiste agus bígí ag caint fúthu. *Cén bonn is mó luach? Is lú? Cad a cheannófá le 5 cent?*